

# Fiagaí na gCeann Gaelach

Na hAlbaim Grianghraf le

Charles R. Browne

# The Irish Headhunter

The Photograph Albums


of Charles R. Browne

Ciarán Walsh | [www.curator.ie](http://www.curator.ie)

Dáithí de Mórdha

Charles R. Browne, M.D.

66 Harcourt Street  
Dublin



MS 10961/3/11v (detail), Edward O'Malley:  
Clare Island and Inishturk, 1896.

# Fiagaí na gCeann Gaelach

Na hAlbaim Grianghraf le  
Charles R. Browne

## The Irish Headhunter

The Photograph Albums  
of Charles R. Browne

---

**Tionscadal de chuid** | A project by [www.curator.ie](http://www.curator.ie)

**Coimeádaithe** | Curators  
Ciarán Walsh  
Dáithí de Mórdha

**I gcomhar le** | In association with  
Jane Maxwell, TCD Library  
Tim Keefe, TCD  
Justin Carville, IADT Dún Laoghaire  
Mairéad Ní Ghallchóir, Ionad Ealaíne Áras Éanna, Inis Oírr  
Séamas Mac Philib, Anne O'Dowd, Ard-Mhúsaem na hÉireann, Saol na Tuaithe  
Aidan Baker, The Haddon Library, Cambridge University  
Ciarán Rooney, FILMBANK Colour Management

## Dátaí Taispeántais Exhibition Dates

Ionad An Bhlascaoid Mhóir, Dún Chaoin	3 May, 2012 - 23 June, 2012
Ionad Ealaíne Áras Éanna, Inis Oírr	1 July, 2012 - 28 July, 2012
An Galf-Chúrsa, Eanách Mheáin (Oireachtas na Gaeilge)	6 October, 2012 - 3 November, 2012
Ard-Mhúsaem na hÉireann, Saol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh	15 December, 2012 - 31 May, 2013
The Haddon Library, Cambridge University	September 2013

## Ceartha / Ceadanna Rights / Permissions

**The Photograph Albums of Charles R. Browne TCD MS 10961/1-5:** published with the permission of The Board of Trinity College Dublin.  
**The Proceedings of the Royal Irish Academy:** published with the permission of the Royal Irish Academy © RIA.

**Charles R. Browne, Fiagai na gCeann Gaelach** | Charles R. Browne, The Irish Headhunter  
© Ciarán Walsh

**Browne i nDún Chaoin: Dearcadh Comhaimseartha** | Browne in Dún Chaoin: A Contemporary View  
© Dáithí de Mórdha

**Mar a Fheiceann Tú** | As You Can See  
© Jane Maxwell

**An Aghaidh Chlaonaíoch: An Ghrianghrafadóireacht i Suirbhé Antrapaiméadrach Alfred Cort Haddon agus Charles R. Browne ar an gCine Éireannach**  
The Deviant Face: Photography in Alfred Cort Haddon and Charles R. Browne's Anthropometric Survey of the Irish Race  
© Justin Carville

**Aistriúcháin** | Translations  
© Dáithí de Mórdha / Ionad an Bhlascaoid Mhóir

## Táirgeadh Production

<b>Dearadh</b>   Design	Elaine Foley Design, Tralee, Co. Kerry.
<b>Grianghraif</b>   Photographs	Ciarán Rooney, FILMBANK Colour Management, Dublin.
<b>Frámaí</b>   Framing	The Quality Framing Company Ltd., Tralee, Co. Kerry.
<b>Cló</b>   Print	Walsh Colour Print, Castleisland, Co. Kerry.

BAILE ÁTHA CLIATH - ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR 2012  
Le ceannach díreach ó OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS, TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2  
nó tríd an bpost ó FOILSEACHÁN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA, AONAD 20 PÁIRC MIONDÍOLA COIS LOCHA, CLÁR CHLAINE MUIRIS, CONTAE MHAIGH EO  
(Teil: 01 6476834/37 nó 1890 213434; Fax 01 6476843 nó 094 9378964) nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN - PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE 2012  
To be purchased directly from the GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE, SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2  
or by mail order from GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION, UNIT 20 LAKESIDE RETAIL PARK, CLAREMORRIS, CO. MAYO  
(Tel: 01 6476834/37 or 1890 213434; Fax: 01 6476843 or 094 9378964) or through any bookseller.

ISBN 978-1-4064-2682-3



9 781406 426823

# Buíochas

## Acknowledgements

### The Board of Trinity College Dublin

The Royal Irish Academy | Acadamh Ríoga na hÉireann

The Office of Public Works (OPW)

An Chomhairle Oidhreachta | The Heritage Council

Ionad Ealaíne Áras Éanna, Inis Oírr

Oireachtas na Gaeilge

National Museum of Ireland, Country Life | Ard-Mhúsaem na hÉireann, Saol na Tuaithe

The Haddon Library, Cambridge University

### Trinity College Dublin:

Bernard Meehan, Head of Research Collections and  
Keeper of Manuscripts, TCD Library

Jane Maxwell, Principal Curator, TCD Library

Aisling Lockhart, TCD Library

Tim Keefe, Director, Digital Resource Imaging Services, TCD

Sharon Sutton, Digital Resource Imaging Services, TCD

Paul Tierney, Head of Department, Anatomy

### Royal Irish Academy:

Siobhan Fitzpatrick, Librarian

Petra Schnabel, Deputy Librarian

Dave McKeon, Library

### Office of Public Works (OPW)

Seirbhísí Cuairteora | Visitor Services:

Breda McWalter

Sealúchais Stairiúla | Historic Properties:

Dr. Eugene Keane

### Ionad an Bhlascaoid Mhóir:

Micheál de Mórdha, Stiurthóir

Doncha Ó Conchúir

### An Chomhairle Oidhreachta | Heritage Council:

Michael Starrett, Chief Executive

Amanda Ryan, Grants Officer

### Ionad Ealaíne Áras Éanna, Inis Oírr:

Mairéad Ní Ghallchóir

### Oireachtas na Gaeilge:

Liam Ó Maolaodha

### Ard-Mhúsaem na hÉireann |

National Museum of Ireland:

Dr. Séamas Mac Philib

Dr. Anne O'Dowd

**Cuireadh an togra seo i gcrích le maoiniú ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus An Chomhairle Oidhreachta (Deontais Oideachais & For-rochtana 2012).**

*The 'Headhunter' project has been made possible with the financial support of the OPW and The Heritage Council (Education and Outreach Grants 2012).*





TCD MS 10961/4/5v, Anthropometry in Inishbofin: Inishbofin and Inishshark, 1893.

# Clár Contents

---

- 9      **Réamhrá: Ar Thóir Fhiagaí na gCeann Gaelach**  
Introduction: In Pursuit of the Irish Headhunter  
*Ciarán Walsh*
- 15      **Charles R. Browne:**  
**Beathaisnéis | A Biography**
- 21      **Browne i nDún Chaoin: Dearcadh Comhaimseartha**  
Browne in Dún Chaoin: A Contemporary View  
*Dáithí de Mórdha*
- 27      **Mar a Fheiceann Tú**  
As you can see  
*Jane Maxwell*
- 33      **An Aghaidh Chlaonaíoch: An Ghrianghrafadóireacht i  
Suirbhé Antrapaiméadrach Alfred Cort Haddon agus  
Charles R. Browne ar an gCine na hÉireann**  
The Deviant Face: Photography in Alfred Cort Haddon and  
Charles R. Browne's Anthropometric Survey of the Irish Race  
*Justin Carville*
- 42      **Breac-Chuntais ar na Coimeádaithe / Rannpháirtithe**  
Profiles of Curators / Contributors
- 45      **Na hAlbaim Grianghraf le Charles R. Browne**  
The Photograph Albums of Charles R. Browne

**Aistriúcháin | Translation:** Dáithí de Mórdha  
Micheál de Mórdha  
Séamas Mac Philib



# Réamhrá: Ar thóir Fhiagaí na gCeann Gaelach

## Introduction: In pursuit of the Irish Headhunter

---

Ciarán Walsh

Tá taispeántas 'Fiagaí na gCeann Gaelach' ar cheann de na cartlanna fótagrafaíochta is tábhachtaí atá tagtha ós comhair an tsaoil le blianta fada. Tá sé bunaithe ar ghrianghraif a bhailigh Charles R. Browne (1867 - 1931), dochtúir agus antraipeolaí ó Baile Átha Cliath a rinne suirbhéanna ar phobail sna bólaí ab iargúlta in Éirinn idir 1891 agus 1900. Cuireadh na grianghraif i gcoimeád i sraith albam, sé cinn acu atá fós slán agus atá i dtaisce i Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá siad á gcur ar taispeántas don chéad uair riamh le caoinchead Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Thug iníon Browne na halbaim do Choláiste na Tríonóide i 1997. Chur Felicity O'Mahony, cartlannaí sinsearach i Leabharlann Choláiste na Tríonóide, mé ar a an eolas fúthu agus mé ag obair ar thaispeántas de ghrianghraif le J. M. Synge, atá sa Choláiste chomh maith. Is grianghraif eisceachtúla iad grianghraif Browne, agus de bharr chomh maith is a glacadh leis an dtaispeántas de ghrianghraif Synge den iarthar, ní fhéadfainn gan smaoineamh ar thaispeántas eile dá leithéid a chur ar bun. Tá an smaoineamh sin tagtha chun foirfeachta a bhuíochas do thacaíocht Bernard Meehan, Ceann na gCnuasach Taighde agus Coimeádaí na Lámhscríbhinní, Jane Maxwell, Príomh-Choimeádaí, agus Tim Keefe, Stiúrthóir na Seirbhíse Íomháithe Acmhainne Digitigh, Coláiste na Tríonóide. Déanann aiste Jane Maxwell tábhacht an togra seo i gcomhthéacs cartlainne agus for-rochtana i gcoitinne, a mheas.

Seasann cartlann Browne ar a bhonnaibh féin maidir leis an tslí a léiríonn sé an saol in iarthar na hÉireann sna 1890daí. Is é an difríocht atá idir iad seo agus

'The Irish Headhunter' exhibition represents one of the most important photographic archives to come into the public domain in a long time. It is drawn from photographs collected by Charles R. Browne (1867 - 1931), a G.P. and anthropologist from Dublin who surveyed communities in the remotest parts of Ireland between 1891 and 1900. The photographs were filed in a series of albums, six of which survive and are held in the Library of Trinity College Dublin (TCD). They are being exhibited for the first time ever with the permission of the Board of Trinity College Dublin.

The albums were given to TCD in 1997 by Browne's daughter. They were brought to my attention by senior archivist in Trinity College Library, Felicity O'Mahony, when I was working on an exhibition of photographs by J. M. Synge, which are also in TCD. The Browne photographs are exceptional and, given the reaction to the exhibition of Synge's photographs of the West, the idea of another exhibition was irresistible. This has been realised with the support of Bernard Meehan, Head of Research Collections and Keeper of Manuscripts, Jane Maxwell, Principal Curator, and Tim Keefe, Director of the Digital Resource Imaging Service, TCD. Jane Maxwell's essay considers the importance of this project in the context of archives and outreach generally.

The Browne archive is singular in terms of its depiction of life in the west of Ireland in the 1890s. The difference between these and other photographs of the same time lies in the systematic way Browne recorded his subjects, all part of the anthropometric and ethnographic methodologies used in the surveys. The photographs feature, amongst others, Myles Joyce, the



TCD MS 10961/4/5v, Group of men and boys in barley field Westquarter, Inishbofin: Inishbofin and Inishshark, 1893.

grianghraif eile a tógadh ag an am céanna ná an tslí chórasach inar dhein Browne a chuid ábhar a thaifeadh, iad ar fad mar pháirt de na modheolaíochtaí antraipeaiméadracha agus eiteagrafacha a úsáideadh sna suirbhéanna. Ina measc siúd atá sna grianghraif tá Myles Joyce, máistir scoile Inis Bó Fine, lena iníon (níor breacadh a hainm); Seán 'An Common Noun' Ó Dálaigh agus na leanaí scoile ar fad i mBaile Bhiocáire, Dún Chaoin; na grianghraif is luaithe de phobal an Bhlascaoid Mhóir; ríthe Inis Gé Thuaidh agus Inis Airc; Edward O'Malley ó Oileán Chliara; Michael Conneelly ó Árann; fir agus mná Charna, Gharumna, Leitir Mealláin agus Mhaínse; gearrchailí Oileán Chliara; sclábhaithe feirme agus tógálaithe bóthair in Iorras. Tá ainmniú na ndaoine ar cheann de na gnéithe is spéisiúla d'albaim Browne. Níor ainmníodh cuid mhaith de na daoine ach bhí Dáithí de Mórdha in ann Peats Mhicí Ó Catháin, Rí an Bhlascaoid agus é ina óige, agus An tOileánch, Tomás Ó Criomhthain, a aithint, mar shampla. Is dócha go mbeidh a thuilleadh daoine in ann a gcuid sin-sin-sean-

schoolmaster on Inishbofin, with his daughter (her name is not recorded); Seán 'The Common Noun' Ó Dálaigh and all the schoolchildren in Vicarstown / Baile Bhiocáire, Dún Chaoin; the first photographs of the people of The Great Blasket Island / An Blascaod Mór; the kings of North Iniskea / Inis Gé Thuaidh and Inishark / Inis Airc; Edward O'Malley of Clare Island / Oileán Chliara; Michael Conneelly of Árann; the men and women of Carna, Garumna, Lettermullan / Leitir Mealláin and Mweenish / Mainis; the girls of Clare Island / Oileán Chliara; the farm labourers and road builders of Erris / Iorras. The naming of subjects is one of the most striking features of Browne's albums. Many people have not been named but Dáithí de Mórdha has been able to identify a young Pádraig Ó Catháin, King of the Blasket, and An tOileánch, Tomás Ó Criomhthain. It is probable that many more people will identify their great great grandparents during the run of this exhibition. It is hoped that these names can be permanently added to the library descriptions of the originals.



TCD MS 10961/3/13v, Natives of Inishturk, Clare Island and Inishturk, 1896.

thuismitheoirí a aithint i rith an taispeántais. Táthar ag súil go mbeifear in ann na hainmneacha seo a chur le sonraí na mbun-ghrianghraf sa leabharlann go buan.

Cuirtear na portráidí ina gcomhthéacs le haistí fótagrafacha, sraitheanna faoin gcósta agus an dromchla, seaniarsmaí, nósanna, tithíocht agus modhanna taistil ina measc, rud a thugann léiriú dúinn ar gach aon phobal ag an am a rinneadh suirbhé air. Táimid tar éis béim a chur ar an ngné seo sa taispeántas.

Bhí sé i gceist agam i gcónaí go dtabharfaí an taispeántas go dtí na ceantair ar a rinne Browne a chuid suirbhéanna. Bhí cinneadh Ionad an Bhlascaoid Mhóir tacú leis an dtogra rí-thábhachtach ina thaobh seo. Tháinig Dáithí de Mórdha, a bhain céim máistreachta amach ó Roinn an Bhéaloidis, UCC, le déanaí, ar bord mar chomh-choimeádaí. Scrúdaíonn sé Browne trí shúile na bpobal a rinneadh suirbhé orthu; tá áitribh a shin-sean thuismitheoirí le feiceáil i ngrianghraf a tógadh i nDún Chaoin in 1897. Gluaisfidh an

These portraits are contextualised with photographic essays on the coastline and surface, antiquities, customs, housing and modes of transport amongst others, providing us with a snapshot of each community at the time it was surveyed. It is this quality that we have chosen to emphasise in the exhibition.

It was always my intention that the exhibition would be shown in the districts surveyed by Browne. The decision of Ionad an Bhlascaoid Mhóir to support the project was critical in this respect. Dáithí de Mórdha, who recently completed a Master's degree with the Dept. of Folklore and Ethnology, UCC, joined the project as co-curator. In his essay he considers Browne from the perspective of the communities that were surveyed; the homes of his great grandparents are featured in a photograph taken in Dún Chaoin in 1897. The exhibition moves to Inis Oírr where it will be curated by Mairéad Ní Ghallchoir of Ionad Ealaíne Áras Éanna. It returns to Connemara and Galf-Chúrsa Eanásh Mheáin thanks to Liam Ó Maolaotha and Oireachtas na



TCD MS 10961/3/12v, Clare Island girls: Clare Island and Inishturk, 1896.

taispeántas ar aghaidh go hInis Oírr áit a ndéanfaidh Mairéad Ní Ghallchoir ó Áras Éanna obair choimeádachta air. Leanann sé conair Browne ar ais go Baile Átha Cliath agus Roinn na hAnatamaíochta, Coláiste na Tríonóide, faoi stiúir Paul Tierney. Filleann sé ar Chonamara agus Galf-Chúrsa Eanách Mheáin a bhuíochas do Liam Ó Maolaodha, Oireachtas na Gaeilge. Tiocfaidh an chamchuiart seo chun críche in Ard-Mhúsaem na hÉireann - Saol na Tuaithe i gCaisleán an Bharraigh. I 2013 beidh an taispeántas ar crochadh i Leabharlann Haddon um Sheandálaíocht & Antraipeolaíocht, Ollscoil Cambridge faoi stiúir Aidan Baker.

Bhí áit lárnach ag Acadamh Ríoga na hÉireann inár dtaighde ar Browne agus ar an tSaotharlann Antraipeaiméadrach a bhunaigh sé i dteannta le Alfred Cort Haddon i gColáiste na Tríonóide in 1891. Chur an tAcadamh maoiniú ar fáil don bhfiosrú antraipeolaíoch a spreag Browne, Haddon, Cunningham agus eolaithe eile a bhí bunaithe i gColáiste na Tríonóide. Dá bhrí, léadh sraith suirbhéanna eitneagrafacha ar gach ceantar isteach i dtaifead an Acadaimh agus foilsíodh iad ansan in imeachtaí an Acadaimh. Tá fianaise iontu ar cheann de na gnéithe is spéisiúla de na halbaim, is é sin go bhfuil cruthúnas ann go raibh 'fiach cloigeann' ar siúl in iarthar na hÉireann. Ba ábhar inspéise an-mhór do Browne agus a chomhghleacaithe cloigne na dtuathánach Éireannach, beo nó marbh. B'ábhair mór i

Gaeilge. The current tour ends in The National Museum of Ireland - Country Life in Castlebar, County Mayo. In 2013 the exhibition will be shown in The Haddon Library of Archaeology and Anthropology, University of Cambridge under the direction of Aidan Baker.

The Royal Irish Academy was central to our research on Browne and the Anthropometric Laboratory that he established with Alfred Cort Haddon in TCD in 1891. The Academy provided the funding for the anthropological enquiry that motivated Browne, Haddon, Cunningham and other scientists based in TCD. In return, a series of ethnographic surveys of each district were read into the records of the Academy and these were then published in the proceedings of the Academy. They confirm one of the most striking aspects of the albums, the evidence of headhunting in the west of Ireland. Alive or dead, the head of the Irish peasant was a source of intense interest to Browne and his associates. Cranial capacity - the human skull - was a major site of anthropological enquiry at the time and the taking of skulls is recorded in both the photographs and the ethnographies. Browne and his associates took advantage of a new generation of portable cameras using cartridges of dry photographic plates or rolled film, the latest in photographic technology at the time. This played a significant role in the development of anthropology and, as a consequence, the way Irish peasantry was represented and perceived by Irish

bhfiosrúcháin antraipeolaíochta na linne é acmhainn cráiniach - an cloigeann daonna - agus léirítear sna grianghraif agus sna heitneagrafaíochtaí gur tógadh cloigne daonna ós na ceantair inar rinneadh na suirbhéanna.

Bhain Browne agus a leathbhádóirí úsáid as ghlúin nua de cheamaraí soghluaiste a d'úsáid cartúis de phlátaí fótagrafaíochta tirime nó scannán spóil, an teicneolaíocht fótagrafaíochta ba nuálaí ag an am. Bhí tionchar nach beag aige seo ar fhorbairt na hantraipeolaíochta agus, dá bharr sin, ar an tslí a léiríodh tuathánaigh na hÉireann agus ar an tslí a shamhlaigh Viteoiriaigh Éireannacha iad. Fiosraíonn aiste Justin Carville na himpleachtaí ar aitheantas na hÉireann a bhí ag an modh a bhí ag Browne agus a chomhghleacaithe an ghrianghrafadóireacht a úsáid chun teacht ar 'saghsanna' agus sonraí eitneagrafaíochta agus antaipeaiméadracha eile agus iad ag iarraidh teacht ar an Éireannach 'gorm'. Tá sleachta as na heitneagrafaíochtaí foilsithe anseo le caoinchead Acadamh Ríoga na hÉireann, maraon le hathchló de ghrianghraif a tógadh i gConamara, agus is fianaise é seo seans go bhfuil ceann de na halbaim in easnamh. Gabhaimid buíochas le Siobhán Fitzpatrick agus a foireann i Leabharlann an Acadaimh as ucht a gcuid cabhrach.

Tá na grianghraif á n-atáirgeadh mar atáid sna halbaim, a bheag nó a mhór. Níor úsáideadh an iomarca athchóiriú digiteach. Cé nach raibh cruth ró-mhaith ar na halbaim - bhí uisce tar éis díobháil a dhéanamh do chuid acu agus tá an dath tréigthe as cuid mhaith acu - is deacair a chreidiúint an méid a d'éirigh linn a thabhairt chun solais arís. Táimid buíoch do Tim Keefe agus do Sharon Sutton ón tSeirbhís Íomháithe Acmhainne Digitigh, Coláiste na Tríonóide, a rinne scanadh ar na halbaim agus do Ciarán Rooney ó Filmbank a rinne iad a phriontáil.

Is deacair a bheith ag obair mar choimeádaí neamhspleách ar na saolta seo. Tá ról lárnach ag an oideachas for-rochtana sa togra seo agus tá gá le catalóg chun go mbeidh teacht go forleathan ar an gcartlann, go háirithe ag sliocht na bpobal atá le feiceáil iontu, agus iad scaipthe go dtí na cheithre hairde. Toisc gur ceantar Gaeltachta atá i ngach ceantar sna grianghraif seachas ceann amháin, chaithfí an dá theanga a úsáid sa togra. Ní fhéadfaí aon phíos den obair seo a dhéanamh gan tacaíocht Oifig na nOibreacha Poiblí agus An Chomhairle Oidhreacht. Tacaíonn sé go mór le saothar na ndaoine agus na n-institiúidí a chur an taispeántas seo le chéile.

Victorians. Justin Carville's essay considers the implications for Irish identity in the way Browne and his associates used photography to capture 'types' and other anthropometric or ethnographic detail in their search for the 'black' Irish. Extracts from the ethnographies are published with the permission of the Royal Irish Academy along with reproductions of photographs taken in Connemara, evidence of a missing album possibly. The assistance of Siobhán Fitzpatrick and her staff in the Library of the Academy is acknowledged.

The photographs are reproduced more or less as they are in the albums. Digital restoration has been kept to a minimum. Given the condition of the albums - some were damaged by water and many of the photographs are faded - it is incredible how much detail we have been able to recover. We are indebted to Tim Keefe and Sharon Sutton of the Digital Resource Imaging Service, TCD who scanned the albums and Ciarán Rooney of FILMBANK Colour Management who printed them.

Working as an independent curator is tricky in the days that are in it. Education and outreach is central to the success of this project and a catalogue is essential in making this archive widely available, especially to the descendants of the communities featured, some of whom are well represented in the Irish diaspora. Given that all but one of the communities featured is a Gaeltacht, this project was always going to be bilingual. None of this would have been possible without the support of the Office of Public Works (OPW) and The Heritage Council. It underpins all of the efforts of the individuals and institutions who made this exhibition happen.



# Charles R. Browne: Beathaisnéis A Biography

---

Ciarán Walsh

Saolaíodh Charles R. Browne ar an 21 Meitheamh, 1867 i dtigh thuismitheoirí a mháthar i mBaile Mhic Oistín, Co. Thiobraid Árann. B' iad John Browne (Cigire Scoileanna Náisiúnta) agus Georgina Hueston a thuismitheoirí. D'fhreastail Browne ar Scoil Ghramadaí Chorcaí agus chuaigh go Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath in 1885 agus é ocht mbliana déag d'aois. Bhain sé céimeanna BA; BAO; BCh & MB amach in 1890 agus MD in 1893.

Bhí sé go mór faoi thionchar Daniel J. Cunningham, Ollamh na hAnatamaíochta & na Máinliachta i gColáiste na Tríonóide idir 1883 agus 1903, agus thug sé blianta fada ina chúntóir aige. Bhí dlúthbhaint aige le Alfred Cort Haddon, bitheolaí mara, a tháinig go Baile Átha Cliath in 1880 chun a bheith ina Ollamh Zó-eolaíochta i gColáiste Ríoga na hEolaíochta.

Bhí páirt nach beag ag Browne, Haddon agus Cunningham i bhforbairt na hAntraipeolaíochta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bhí baint acu chomh maith le Rannóg na hEolaíochta in Acadamh Ríoga na hÉireann. Rinneadh ball den Acadamh de Browne ar an 13 Iúil 1892. Luadh gurb iad Leigheas agus Antraipeolaíocht a phríomh-dhisciplíní.

In 1891 d'éirigh le Browne agus Haddon a chur ina luí ar an bPropast agus ar Chomhaltaí Sinsearach, TCD, páirt de Mhúsaem Shaotharlainne Chomparáidigh an Choláiste a chur ar leataoibh mar Shaotharlann Antaipeaiméadrach. Feistíodh é le cabhair deontais ó Acadamh Ríoga na hÉireann. Ba é a bhí mar phlean ná an saotharlann a bogadh i rith 'na saoire fhada' chun suirbhéanna a dhéanamh ar thréithe fhisiceacha agus nósanna na ndaoine a mhair iontu mar bhealach le 'giving assistance to the anthropologist in his endeavours to unravel the tangled skein of the so-called Irish race.'<sup>1</sup>

Charles R. Browne was born on 21st June, 1867 at the home of his maternal grandparents at Ballykisteen, Co. Tipperary. He was the son of John Browne (an Inspector of National Schools) and Georgina Hueston. Browne attended Cork Grammar School and entered Trinity College Dublin (TCD) in October 1885 aged 18. He graduated BA; BAO; BCh & MB in 1890 and MD 1893.

He was much influenced by Daniel J. Cunningham, Professor of Anatomy and Surgery in TCD between 1883 and 1903, and served as his assistant for many years. He was closely associated with Alfred Cort Haddon, a marine biologist who moved to Dublin in 1880 to take up the Chair of Zoology in the Royal College of Science.

Browne, Haddon and Cunningham were instrumental in the development of Anthropology in Trinity College Dublin. They were also associated with the Science Section of the Royal Irish Academy. Browne was elected as a member on 13th July 1892. His main disciplines were recorded as being Medicine and Anthropology.

In 1891 Browne and Haddon persuaded the Provost and Senior Fellows, TCD, to make a portion of the College's Museum of Comparative Anatomy available for an Anthropometry Laboratory. It was equipped with a grant from the Royal Irish Academy. The plan was to transfer the laboratory during the 'long vacation' to a carefully selected district in order to carry out surveys of the physical characters and habits of the inhabitants as a way of 'giving assistance to the anthropologist in his endeavours to unravel the tangled skein of the so-called Irish race.'<sup>1</sup>



TCD MS 10961/5/16v, 66 Harcourt Street September 1899 (the Browne Family).

Thosaíodar in Árann in 1891 agus, ar an 12 Nollaig 1892, léadh *The Ethnography of the Aran Islands*, County Galway ós comhair Acadamh Ríoga na hÉireann, páipéar go mbeadh tionchar nach beag aige in imeacht ama, agus foilsíodh in *Imeachtaí an Acadaimh* é ina dhiaidh sin.

Chuaigh Haddon ar ais go Cambridge chun staidéar a dhéanamh ar an antraipeolaíocht in 1893 agus bhain cáil amach mar eitneagrafaí ceannródaíoch. Bhain sé clú amach chomh maith mar 'Fiagaí na gCéann' agus meastar go raibh tionchar nach beag aige i bhforbairt na hantraipeolaíochta sa Bhreatain.

D'fhan Browne i mBaile Átha Cliath agus bhunaigh cleachtas ginearálta leighis. Bhí sé ina chónaí i 66 Sráid Fhearchair, agus pósadh é ach níl puinn ar eolas faoina shaol phearsanta. Bhí sé ina chónaí lena bhean Mary Edith nuair a tógadh daonáireamh na bliana 1901. Luaigh sé gurb Dochtúir agus Antraipeolaí é.

Lean sé air ag obair le Cunningham agus le Coiste Eolaíochta Acadaimh Ríoga na hÉireann. Rinne sé suirbhéanna ar cheantair eile in iarthar na hÉireann le cabhair 'an gnáth' dheontas de £25 ón Acadamh. Léadh a chuid taighde isteach sa dtaifead agus foilsíodh na eitneagrafaíochtaí seo leanas in *Imeachtaí Acadaimh Ríoga na hÉireann*:

1893	Inishbofin and Inishshark, County Galway.
1895	The Mullet, Inishkea Islands, and Portnacloy, County Mayo.
1897	Ballycroy, County Mayo.
1897	Clare Island and Inishturk, County Mayo.
1898	Garumna and Lettermullen, in the County Galway.
1900	Carna and Mweenish, in the Parish of Moyruss, Connemara.

They started in Aran in 1891 and, on December 12, 1892, the seminal *Ethnography of the Aran Islands*, County Galway was read into the record of the Royal Irish Academy and subsequently published in the proceedings of the Academy.

Haddon moved back to Cambridge in 1893 to study anthropology and went on to earn a reputation as a pioneering ethnographer. He also became known as Haddon 'The Headhunter' and is regarded as a very influential figure in the development of British anthropology.

Browne remained in Dublin and set up a general practice. He lived in 66 Harcourt St., and at some stage he got married; there is little information about Browne's personal circumstances. He was living with his wife Mary when the census was taken in 1901. He gave his occupation as a General Practitioner and Anthropologist.

He continued to work with Cunningham and the Science Committee of the Royal Irish Academy. He surveyed other districts in the west of Ireland with 'the usual' grant of £25 from the Academy. His research was then read into the record and the following ethnographies were published in the *Proceedings of the Royal Irish Academy*:

1893	Inishbofin and Inishshark, County Galway.
1895	The Mullet, Inishkea Islands, and Portnacloy, County Mayo.
1897	Ballycroy, County Mayo.
1897	Clare Island and Inishturk, County Mayo.
1898	Garumna and Lettermullen, in the County Galway.
1900	Carna and Mweenish, in the Parish of Moyruss, Connemara.



TCD MS 10961/5/14r, Opening cist grave, Newcastle, Co. Wicklow 25th May, 1897.



TCD MS 10961/1/7v, 1891.

In 1897 rinne Browne suirbhé grianghrafadóireachta ar Dhún Chaoin ach níl tasc ná tuairisc ar an suirbhé scríofa sin le fáil, faraor, pé acu ar foilsíodh nó nár foilsíodh é. I 1903 lorgaíodh maoiniú ón Acadamh Ríoga chun suirbhé a dhéanamh i dTír Chonaill ach is cosúil ná rinneadh aon suirbhé ansin. Go deimhin, is é an t-iarratas seo an tuairisc dheireanach ar ghníomhachtaí Browne i dtaobh na Saotharlainne Antaipeaiméadraigh / An Mhúsaem Antraipeolaíochta i dtaifid Acadaimh Ríoga na hÉireann. Is cosúil gur imigh Browne go Sasana áit ar ceapadh é mar Mháinlia Leifteanaint sa Tríú Cathlán Óglach de Reisimint Gloucestershire i nDeireadh Fómhair na bliana 1904.<sup>2</sup>

Ainmníodh é mar dhuine a bheadh intofa mar bhall den Choiste Eolaíochta (1896-7) ag cruinniú de Chomhairle an Acadaimh ar an Luan, 1 Márta 1897. Ag cruinniú de chuid na Comhairle ar an 16 Márta 1932 deirtear go 'Academy lost by death within the year ... Lieut. Colonel Charles Robert Browne, Elected 1892.' Fuair sé bás i Falmouth i gCorn na Breataine, i 1931.

Sa London Gazette ar an 29 Meán Fómhair 1931, thug Rannóg na Monarchan san Oifig Ghnóthaí Baile le fios go 'in consequence of the death of Dr. C. R. Browne an appointment as Certifying Surgeon under the Factory and Workshop Acts at Falmouth, in the County of Cornwall, is vacant.'<sup>2</sup> Mhair a bhean céile Mary Edith Courthorpe Browne ina dhiaidh. Ní luaitear aon leanbh san uacht, ach rugadh iníon dóibh, Gwendolen Georgina, in 1903 i mBaile Átha Cliath.

I 1997 bhronn a iníon na halbaim ghrianghraf ar Choláiste na Tríonóide go gairid sular cailleadh í. Go nuige seo ní rabhamar in ann teacht ar aon duine eile de shliocht Browne.

In 1897 Browne carried out a photographic survey of Dún Chaoin but no evidence of an ethnography has been found, whether it was written or not. In 1903 funding was sought from the Royal Irish Academy to carry out an ethnographic survey of Donegal but it does not appear to have taken place. Indeed, this application is the last recorded action of Browne in connection with the Anthropometric Laboratory / Anthropological Museum in the records of the Royal Irish Academy. Browne appears to have departed for England where he was appointed Surgeon Lieutenant to the 3rd Volunteer Battalion of the Gloucestershire Regiment in October 1904.<sup>2</sup>

He was nominated as being eligible for membership of the Committee of Science (1896-7) at a meeting of the RIA Council on Monday 1st March 1897. At a meeting of the Council on 16th March 1932 it was recorded that the 'Academy lost by death within the year ... Lieut. Colonel Charles Robert Browne, Elected 1892.' He had died in Falmouth in Cornwall, England, in 1931.

In *The London Gazette* of 29 September 1931, the Factory Department, Home Office, gave notice that 'in consequence of the death of Dr. C. R. Browne an appointment as Certifying Surgeon under the Factory and Workshop Acts at Falmouth, in the County of Cornwall. He was survived by his wife Mary Edith Courthorpe Browne. There is no reference to his children.

In 1997 his daughter presented the photograph albums to Trinity College Dublin shortly before her death. To date we have been unable to trace any known living relations.

1 *Proceedings of the Royal Irish Academy (1889-1901)*, Vol. 5 (1898-1900) [ 269 ]XII. "Report on the work done in the Anthropometric Laboratory of Trinity College, Dublin", from 1891 to 1898. By C. R. BROWNE, M.D. (Read May 9, 1898).

2 *British Medical Journal*, Royal Navy and Military Medical Services, Oct. 22 1904, p. 1122.



TCD MS 10961/3/20v, Village on the Great Blasket: Dunquin and the Blasket Island, Co. Kerry, August 1897.

# Browne i nDún Chaoin: Dearcadh Comhaimseartha

## Browne in Dún Chaoin: A Contemporary View

### Dáithí de Mórdha

Nuair a tháinig Charles R. Browne go dtí cósta thiar na hÉireann ag deireadh an naoú aois déag, níorbh aon turasóir neamh-aistreach é, ag imeacht ó áit go háit ar a bhog-steobhar gan aon ró-chúram air fé mar a bhíonn formhór na ndaoine a ghabhann timpeall Chinn Sléibhe ar na saolta seo. Togra eolaíochta a bhí idir chamáin aige; togra chun staidéar ghrinn a dhéanamh ar phobail an chósta sin chun iad a chur i gcomparáid le pobail nó ciníocha eile. Ní móide gur mar ghrianghrafadóir a tháinig sé inár measc - gné thánaisteach dá chuid oibre ab ea obair an cheamara - ach mar sin féin d'fhág sé taifead gan sárú de shaol na ndaoine a mhair i nDún Chaoin agus sa Bhlascaod Mór i bhfómhar na bliana 1897.

Níorbh é Browne an chéad chuairteoir ón iasacht a tháinig go dtí na pobail sin. Leathchéad bliain roimhe, tháinig Mrs. D.P. Thompson, duine díobh siúd a bhí gníomhach sa Dingle & Ventry Mission, go dtí an t-oileán, agus dar léi ba i 'state of African barbarity' a mhair na daoine.<sup>1</sup> I gcroílár an Ghorta Mhoir a tháinig Lydia Jane Leadbeater Fisher go Corca Dhuibhne, agus dála Mrs. Thompson bhí a cuid tuairimí siúd fé mheáchan thuiscintí chiníochaí na linne:

*She says that Dunquin where they were first stationed is the wildest place in the whole wide world. The women dress like men, and the men like women indiscriminately. The men wearing petticoats till they are going to be married, when, by hook or crook, the manly toga is provided in which to go before the priest, and to uphold from thenceforth the dignity of the sex; that they have no law, nor respect for the law; and if they misbehave, they are so afraid of the priest, that if a rumour reaches them that he is coming, they run away and hide for days in the mountains, living on such berries and roots as they can get, until he leaves the neighbourhood. Thus their guilty consciences inflict most probably a severer penance than their pastor would.*<sup>2</sup>

When Charles R. Browne came to visit the western coast of Ireland at the end of the 19th Century, he was no idle tourist, lazily going from one place to another without care or worry like the majority of the modern-day travellers who journey around Sleat Head. His was a scientific journey; a project to study closely the peoples of that coast in order to compare them to other communities or races. Neither did he come amongst us as a photographer - photography being a secondary aspect of his work - but even so he left an incomparable record of the lives of the people who lived in Dún Chaoin and An Blascaod Mór in the autumn of 1897.

Browne was not the first outsider who came amongst those communities. Fifty years before his visit, Mrs. D.P. Thompson, one of the activists of the Dingle and Ventry Mission, came to the island, and it was her opinion that the people lived in 'a state of African barbarity'.<sup>1</sup> Lydia Jane Leadbeater Fisher came in the midst of the Great Famine, and, like Mrs. Thompson, her opinions were pre-loaded with the racist thinking of the time:

*She says that Dunquin where they were first stationed is the wildest place in the whole wide world. The women dress like men, and the men like women indiscriminately. The men wearing petticoats till they are going to be married, when, by hook or crook, the manly toga is provided in which to go before the priest, and to uphold from thenceforth the dignity of the sex; that they have no law, nor respect for the law; and if they misbehave, they are so afraid of the priest, that if a rumour reaches them that he is coming, they run away and hide for days in the mountains, living on such berries and roots as they can get, until he leaves the neighbourhood. Thus their guilty consciences inflict most probably a severer penance than their pastor would.*<sup>2</sup>



TCD MS 10961/3/22r, Dunquin and the Blasket Island, Co. Kerry, August 1897.

Sé bliana roimh Browne a tháinig Jeremiah Curtin don pharóiste. Ba dheacair leis a thuiscint conas a bheadh éinne in ann iad féin a chothú san áit: *“On the way we passed through Coomeenoole, one of the poorest hamlets in Ireland ... the cabins are old and in most cases windowless ... how the people who live in Coomeenoole can get food enough to sustain life is a mystery.”*<sup>3</sup> B’í bean chéile Curtin, Alma, a thóg an ghrianghraf is luaithe atá againn de bhaile an oileáin, cé nach bhfuil aon radharc iontu ar bhunadh na háite.

Toisc nach bhfuil aon chuid de scríbhinní Browne i dtaobh an pharóiste ar marthain anois, fé mar atá leis na heitneagrafaíochtaí a scríobh sé ar na pobail eile ar a thug sé cuairt, níl againn ach na grianghraif chun éachtaint a fháil ar thuairimí Browne ar an áit. B’fhéidir gur mar sin is fearr é; fágfar fén nduine féin teacht ar a dtuairimí féin fén bpobal.

Jeremiah Curtin came to the parish six years before Browne did. He found it difficult to understand how anyone could eke out an existence there: *“On the way we passed through Coomeenoole, one of the poorest hamlets in Ireland ... the cabins are old and in most cases windowless ... how the people who live in Coomeenoole can get food enough to sustain life is a mystery.”*<sup>3</sup> It was Curtin’s wife, Alma, who took the earliest known photograph of the island village, although the island people are nowhere to be seen.

Because of the fact that none of Browne’s writings regarding the parish have survived, unlike the ethnographies that he had wrote on the other communities which he visited, we have only the photographs to illustrate his opinions of the place. This could very well be an advantage; it is left to the observer to create his or her own opinions about the community.



TCD MS 10961/3/22v, Dunquin and the Blasket Island, Co. Kerry, August 1897.

Is in albam a trí de bhailiúchán Browne i Leabharlann Choláiste na Tríonóide atá na grianghraif a bhaineann le hIarthar Duibhneach, seachas leathanach fánach amháin atá i lár albam a cúig. Dála an turasóra chomhaimseartha, tosnaíonn an sraith i gCeann Sléibhe; tugtar sin ar an mbóthar tríd Chom Dhineoil, le faobhar na haille ón mbaile sin go Baile Ícín, Baile an Ghleanna, Baile Bhiocáire, Gleann Loic & Ceathrú an Fheirtéaraigh; as sin siar go himeall na farraige agus thar bealach isteach go dtí an mBlascaod Mór. Ar ais dtí'n muintir ansan agus ó thuaidh go Baile an Fheirtéaraigh.

Ní mar a chéile a fhéachann aon bheirt ar aon ghrianghraf. Díríonn duine ar rud áirithe sa ghrianghraf gur spéis leo féin, agus ní fheiceann siad gach a mbíonn ós a gcomhair. Nochtadh é sin go soiléir domh-sa agus an bhailiúchán seo á chíoradh agam féin agus Ciarán. Sa ghrianghraf de Myles Joyce, máistir scoile Inis Bó Fine agus a iníon (MS 10961/4/6r, p.8), is é Ciarán a thug

Browne's photographs of West Kerry are contained in the third album of his collection in the Trinity College Library, with the exception of a solitary photograph in the middle of album number five. Like the modern-day tourist, the series begins at Sleah Head; we are brought along the road through Com Dhineoil, along the cliff from that hamlet to Baile Ícín, Baile an Ghleanna, Baile Bhiocáire, Gleann Loic and Ceathrú an Fheirtéaraigh; from there, west to the coastline and over the sound to An Blascaod Mór. Then back to the mainland and north to Baile an Fheirtéaraigh.

No two people look at any photograph in the same way. The viewer zooms in on something in the photograph which interests them, and not everything in the photo is readily visible to them. This was made abundantly clear to me as Ciarán and I were discussing this collection. In the photograph of Myles Joyce, headmaster of the school on Inishbofin and his daughter (MS 10961/4/6r, p.8), it was Ciarán who

fé deara go raibh leanbh i bhfolach laistiar den chlaí sa chúlra agus í ag faire ar lucht an cheamara, rud nach raibh feicthe agam-sa in aon chor. Ón dtaobh eile den scéal, ní raibh Ciarán chun an ghrianghraf de rámhainn adhmaid (MS 10961/4/18v) a roghnú don dtaispeántas, ach bhí ana-shuim agam ann; talamh boireannach, creagach atá i gcuid mhaith de na háiteanna ina raibh Browne - gan iontu ach 'fóide cnapánacha carracha' fé mar a dúirt An Chadhnach - agus é deacair go leor an talamh a riastáil le rámhainn ceártan, gan trácht ar a bheith á shaothrú le arm adhmaid.

Ní mór féachaint ar na grianghraf seo trí shúilibh éagsúla. Ar bhonn phearsanta, trí shúilibh dhuine de mhuintir Dhún Chaoin, feicim áitribh thriúr de shin-sin-seanaithreacha m'iníne, siad sin tigh Pheats 'ac Gearailt i gCom Dhíneoil (MS 10961/3/19v) agus tithe Shéamais Bhig Uí Lúing agus Phádraig 'Deibhinn' de Mórdha i mBaile an Ghleanna (MS 10961/3/19v, p.25). Feicim Faill Móir, sara tógadh an ché agus an cosán coincreíteach ann; Fiall Cliadh, sean-chaladh báid Dhún Chaoin, agus naomhóga ar stáitse inti; tigh Freáilí cos abhann, mar ar mhair duine dos na daoine ba bhoichte i bpobal bochtáin. Tá garsúin agus gearrchailí sean-scoil Dhún Chaoin ann, agus is cinnte go bhfuil mo shinsir féin agus sinsir mo chomharsan ina measc, cé ná fuil aon duine ar marthain anois a d'aithneodh iad.

Trí shúilibh dhuine gur suim leis cultúr agus stair an Bhlascaoid, cím an grianghraf is luaithe atá ar marthain de phobal an oileáin. I measc na ndaoine tá beirt a bhain cáil amach ina dhiaidh sin; Tomás Ó Criomhthain, gan é ach daichead bliain agus é ina fhear cruaidh láidir (MS 10961/3/22r, p.22), agus Rí an Oileáin, Peats Mhicí Ó Catháin (MS 10961/3/22v, p.23). Baile beo, beathaíodh atá ós ár gcomhair, deatach ag éirí ós na simnéithibh, gasra thall agus gasra abhus.

Trí shúilibh an eitneolaí is féidir féachaint ar an mbailiúcháin mar thaifead luachmhar ar shaol an tuathánaigh ag deireadh an naoú aois déag mar le héadach, tithíocht, uirlisí feirme agus farraige agus modhanna taistil. Fara sin, is léir nach pobal aonchineálach bhí ina chónaí ó cheann ceann an chósta. Féach, mar shampla, ar na difríochtaí idir úmacha na n-each agus na n-asal sna pobail dhifriúla, nó an chluthairt chinn a bhí á chaitheamh ag na daoine. Caipíní nó hataí a bhí coitianta i gCorca Dhuibhne, agus bhí caipín ar phátrún an *Tam O'Shanter* coitianta ar bhólaí eile.

noticed that a child was hiding behind the wall in the background, watching the scene, a feature which I had not noticed at all. On the other hand, Ciarán had decided not to include the photograph of the wooden spade (MS 10961/4/18v) in the exhibition, but it interested me greatly; much of the land in the areas Browne visited is rocky and craggy - 'gnarled and stony clods' as the Irish writer Máirtín Ó Cadhain said - and it is difficult enough to work this land with a forged metal spade, never mind trying to work it with wooden implements.

One must view these images through different sets of eyes. On a personal level, through the eyes of a Dún Chaoin person, I see the homesteads of three of my daughter's great-great-grandfathers, those of Peats 'ac Gearailt in Com Dhíneoil (MS 10961/3/19v) and Séamas Beag Ó Lúing and Pádraig 'Deibhinn' de Mórdha in Baile an Ghleanna (MS 10961/3/19v, p.25). I see Faill Móir, the landing place, before the pier and winding concrete path were built there; Fiall Cliadh, the old harbour in Dún Chaoin, with the naomhógs on their stands in the cliff; Freáilí's house by the riverside, in which lived one of the poorest people of a poor community. The boys and girls of Vicarstown National School are there, and my own people and those of my neighbours must be amongst them.

Through the eyes of a person interested in the culture and history of the Blasket, I see the earliest existing photograph of the island people. Amongst those people are two who became famous in the 20th Century; Tomás Ó Criomhthain, author of *The Islandman*, forty years old, hale and hearty (MS 10961/3/22r, p.22), and the Island King, Peats Mhicí Ó Catháin (MS 10961/3/22v, p.23). We see a vibrant, living community, smoke rising from the chimneys, groups of people coming and going.

Through the eyes of an ethnologist, the collection can be seen as a valuable record of the lives of rural people at the end of the 19th century regarding clothing, housing, farm and fishing implements and modes of transport. As well as that, it is evident that the coastal communities were not one homogeneous group of people from one end of the coast to the other. See, for example, the contrast between the panniers being carried by the horses and donkeys in the various communities, or the choice of headgear being worn. Caps and hats were most common in West Kerry, and a



TCD MS 10961/3/19v, Dunquin and the Blasket Island, Co. Kerry, August 1897.

Sa réamhaiste a ghabhann le cnuasach grianghraif Thomáis Uí Mhuirheartaigh, *An Muirheartach*, a foilsíodh sa bhliain 1970, deir Seosamh Ó Duibhgin gur *"Ealaín an Phobail atá sa ghrianghrafadóireacht. Tá sí ar na healaíona is foirfe san aois seo chun léiriú a thabhairt ar ghnáthshaol na ndaoine, ar a dtimpeallacht, a gcaitheamh aimsire, a ndéanamh corpartha féin, a gcuid éadaigh fiú, gan trácht ar a gcuid oibre agus a n-uirlisí."*<sup>4</sup> D'fhéadfaí an rud céanna a rá fé ghrianghraif Browne agus an tslí a gcuireann siad lenár dtuiscint ar shaol na Gaeltachta ag deireadh an naoú aois déag.

caps similar to the *Tam O'Shanter* were common in other areas.

In the preface to 'An Muirheartach,' a collection of Tomás Ó Muirheartaigh's photographs, published in 1970, *An Muirheartach*, Seosamh Ó Duibhgin states that *"Photography is the art of the people. It is the most complete art now available to illustrate the daily lives of the people, their surroundings, their activities, their physique, even their clothing, not to mention their work and tools."*<sup>4</sup> The same could be said for Browne's photographs and the way in which they add to our understanding of Gaeltacht life at the end of the 19th century.

1 Thompson, Mrs. D.P, as reported in *The Essex Standard*, 24/07/1846.

2 Fisher, Mrs. Lydia Jane Leadbeater: *Letters From the Kingdom of Kerry in the Year 1845*, Webb and Chapman, Dublin, 1847, p.78.

3 *Memoirs of Jeremiah Curtin*, quoted by Uaitéar Mac Craith: *Turusanna Jeremiah Curtin in Thaithin Sé le Peig*: Iris na hOidhreacht 1, Pádraig Ó Fiannachta (Ed.), Baile an Fheirtéaraigh, 1989, l.37.

4 Ó Duibhgin, Seosamh (Ed.): *An Muirheartach*, Clódhanna Teo, Baile Átha Cliath (1970), p.xiv.



# Mar a Fheiceann Tú

## As You Can See

Jane Maxwell

Is minic a tharlaíonn sé nach mbíonn sa mhéid de shaothar nó d'éispéireas éigin daonna a fhanann sa tairfead stairiúil, ach blúirín gioblach lena mbíonn a oiread céanna míshásaimh agus sásaimh ag baint leis agus sinn ag iarraidh eolas a bhailiú faoi na laethanta atá imithe tharainn. Sna bailiúcháin lámhscríbhinní agus cartlainne, atá i gcoimeád i Leabharlann Choláiste na Tríonóide, níl i gcuid den ábhar atá ar marthain ach macalla de mhórán eile atá caillte.

Is cruthúnas ar an bhfíric seo grianghraif Charles Browne. Faobhar le faobhar leis an áthas a bhíonn orainn gur tháinig na grianghraif slán, tá an léan faoi na heasnamh atá sa bhailiúchán agus faoin meath fisiceach atá tagtha orthu. Is féidir na fadhbanna fisiceacha a ionramháil, go pointe áirithe, le caomhnú shaineolach agus trí ath-grianghrafadóireacht a dhéanamh orthu, faoi mar a rinneadh don dtaispeántas seo. Ach cad is féidir a dhéanamh faoi na bearnaí atá sa bhailiúchán, toisc gur dóichí ná tiocfar ar na grianghraif atá in easnamh go deo na ndeor? Braitheann an-chuid ar an méid a cheaptar a bheith luachmhar. Chomh fada agus a bhíonn Charles Browne ar na bioráin againn, caithfear a bheith ochlánach mar gheall ar chailliúint na coda eile dá chartlann. Má aistríonn an té atá ag breathnú ábhairín, áfach, tagann níos mó den bpictiúr faoin solas, rud a thugann nithe eile faoi aird thaighde stairiúil, nithe lena bhfuil a luach méadaithe san eatramh.

Tá stair na heolaíochta le fada ina chlár láidir i scoil na staire 'ollinsinte', a chuireann síos ar mháirseáil náisiúin i dtreo thodhchaí dosheachanta. Sa leathchéad bliain seo imithe tharainn tá an 'stair ón dtaobh thíos', a chuardaíonn stair na ndaoine a bhí faoi chois ag na náisiúin sin agus iad ag máirseáil ar aghaidh, tar éis taighde staire a leathnú agus a chuimsiú. Tá sé thar a bheith deacair guth na ndaoine a fágadh ar lár ón dtaifead stairiúil a chloisteáil; daoine bochta, mná,

It is so often the case that what remains in the historical record, of some human experience or endeavour, is a ragged fragment that frustrates as much as it satisfies the desire to know anything of the past. In the manuscripts and archival collections, held in the Library of Trinity College Dublin, some of what survives echoes much more than has been lost.

The Charles Browne photographs are a case in point. The delight at their survival is immediately tempered by their obvious incompleteness and by their physical deterioration. The physical problems can be addressed, to a certain extent, by expert conservation and by re-photographing them, as has been done for this exhibition. But what can be done about the fragmentary nature of the collection, given that it is unlikely that the images which have been lost will ever be found? Much depends on what is considered to be valuable. As long as Charles Browne remains the centre of attention, the loss of his remaining archives must be lamented. A slight shift of the observer's position, however, allows light to fall more widely across these images, bringing into the focus of historical research other things which have gained in value in the intervening years.

The history of science has long been a strong plank in the 'grand narrative' school of history, describing the march of nations towards an inevitable future. In the last half century historical research has been rendered more diverse and more inclusive by 'history from below', which searches for the history of the people upon whose backs the nations marched. It is notoriously difficult to hear the voices of the people who have been omitted from the historical record; poor people, women, most men, children, people who were ill - it is not a short list - but an attentive ear, an observant eye and inventive questioning of the surviving record can uncover previously unlooked-for evidence and thus add to the historical record.



TCD MS 11332, John Millington Synge, Inis Meáin, c. 1898.

